Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 16

# An Oifig Luachála

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar chaiteachais na hOifige Luachála agus ar mhionseirbhísí áirithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €6.967 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

***Dímheas***

Déantar dímheas bliana iomláine a mhuirearú i mbliain an ghnóthaithe/an choimisiúnaithe agus ní dhéantar aon dímheas a mhuirearú i mbliain na diúscartha. Muirearaítear dímheas de réir méid cothrom.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Cheann Oifige. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil le seirbhís comhroinnte (e.g. acmhainní daonna) a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

Is mar seo a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bun chun comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, agus go háirithe

- gurb ann do chóras buiséadaithe cuí agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- go mbíonn athbhreithniú rialta á dhéanamh ag bainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh feidhmíocht thuartha
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm
- go gcinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig, ina bhfuil foireann atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairt i scríbhinn arna ceadú agamsa. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus bíonn a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Dearbhaím go gcinntíonn an Oifig Luachála go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Oifig gach treoirlíne ábhartha. Tá sonraí tugtha ag an Oifig ar dhá chonartha neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig agus, leis an gcóras sin, sainaithnítear agus tuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus tá siad sin aitheanta, measta agus grádaithe de réir tábhachta. Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear aon easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Paindéim Covid-19***

Ar iarratas ón mbainistíocht shinsearach, tugadh faoi athbhreithniú ar thionchar Covid-19 ar chórais rialuithe inmheánacha na hoifige. Deimhníodh san athbhreithniú sin nach raibh aon mhaolú éifeachtach i gceist a mbeadh mar thoradh air measúnú riosca díobhálach ina dtabharfadh le fios go mbeadh bearta cúiteacha de dhíth.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir le 2020 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**John O'Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

26 Márta 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 16 An Oifig Luachála

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar an Oifig Luachála agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meitheamh 2021

# Vóta 16 An Oifig Luachála

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Seirbhís luachála Stáit a aholáthar | 16,288 | 9,654 | 10,099 |
| B | Seirbhís riaracháin don Bhinse Luachála | 1,349 | 628 | 711 |
| | | **17,637** | **10,282** | **10,810** |
| **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Lúide* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gCabhair** | **1,283** | **895** | **1,486** |
| **Glanchaiteachas** | | **16,354** | **9,387** | **9,324** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **6,966,869** | **3,406,216** |

**John O'Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

26 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 736 | 1,094 |
| Pá | | 7,843 | 7,400 |
| Neamhphá | | 1,703 | 2,316 |
| **Ollchaiteachas** | | **10,282** | **10,810** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **895** | **1,486** |
| **Glanchaiteachas** | | **9,387** | **9,324** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Dímheas | | 28 | 32 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (154) | | |
| Méadú ar stoc | (1) | (155) | (237) |
| **Caiteachas díreach** | | **9,260** | **9,119** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 5,504 | 5,644 |
| **Glanchostas an chláir** | | **14,764** | **14,763** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 16 a iompraíodh in áit éigin eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 4,076 | 4,199 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,411 | 1,431 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 17 | 14 |
| | | **5,504** | **5,644** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 40 | 217 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 238 | 271 |
| Stoic | | 21 | 20 |
| Réamhíocaíochtaí | | 159 | 115 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 23 | 93 |
| Ioncam fabhraithe | | 303 | 191 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.5 | 51 | — |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **795** | **690** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 94 | 128 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.4 | 312 | 363 |
| Ioncam iarchurtha | | 186 | 150 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.5 | — | 1 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **592** | **642** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 203 | 48 |
| **Glansócmhainní** | | **243** | **265** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.6 | **243** | **265** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2019 | 1,704 | 1,134 | 2,838 |
| Coigeartú na bliana roimhe sin [a] | 191 | — | 191 |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 1,895 | 1,134 | 3,029 |
| Breiseanna | — | — | — |
| Diúscairtí | (196) | — | (196) |
| Coigeartuithe [b] | (708) | (704) | (1,412) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 991 | 430 | 1,421 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2019 | 1,543 | 1,078 | 2,621 |
| Coigeartú na bliana roimhe sin [a] | 161 | — | 161 |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 1,704 | 1,078 | 2,782 |
| Dímheas don bhliain | 28 | — | 28 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (196) | — | (196) |
| Coigeartuithe [b] | (585) | (648) | (1,233) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 951 | 430 | 1,381 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **40** | **—** | **40** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 161 | 56 | 217 |

Nóta
a In athbhreithniú cuimsitheach ar na sócmhainní uile, aithníodh roinnt sócmhainní bogearraí nár caipitlíodh roimhe seo.
b Is mar gheall ar chur i bhfeidhm chiorclán 22/2020 maidir leis an tairseach le haghaidh sócmhainní caipitil a áireamh a tháinig na coigeartuithe chun cinn.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | 126 | (156) |
| Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála | 112 | 427 |
| | **238** | **271** |

Nóta a Rinneadh an miondealú ar iarmhéid 2019 a athanailísiú idir an cuntas tráchtála agus an cuntas ag an bPámháistir Ginearálta.

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachais in-fhorchúitithe maidir leis an bpas taistil | 9 | 82 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 14 | 11 |
| | **23** | **93** |

## 2.4 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 121 | 131 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 73 | 73 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 69 | 114 |
| Cáin bhreisluacha | — | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 23 | 20 |
| | 286 | 338 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 26 | 25 |
| | **312** | **363** |

## 2.5 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 6,967 | 3,406 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (7,018) | (3,405) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(51)** | **1** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 238 | 271 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 23 | 93 |
| | 261 | 364 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (286) | (338) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (26) | (25) |
| | (312) | (363) |
| | **(51)** | **1** |

## 2.6 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 265 | 60 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 16,354 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (6,967) | | |
| Glanvóta | | | 9,387 | 9,324 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 5,504 | 5,644 |
| Míreanna neamhairgid - coigeartú i ndáil le sócmhainní caipitil | | | (149) | — |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (14,764) | (14,763) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **243** | **265** |

## 2.7 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
| | **€000** | **€000** |
| Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí | **1,161** | **981** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 8,740 | 7,843 | 7,400 |
| ii | Taisteal agus cothú | 271 | 101 | 292 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 885 | 433 | 842 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 105 | 70 | 176 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 3,242 | 931 | 835 |
| vi | Costais áitribh oifige | 161 | 70 | 98 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile | 60 | 99 | 73 |
| | | **13,464** | **9,547** | **9,716** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €271,000; toradh €101,000*

Is mar thoradh ar chosc a bheith ar an bhfoireann taisteal a dhéanamh le maoine a iniúchadh le linn na srianta paindéime a bhí laghdú €170,000 i gceist ar chaiteachas taistil agus cothaithe. Léirigh sé sin freisin an laghdú a tháinig ar thaisteal chomhaltaí an Bhinse Luachála chuig éisteachtaí ó bhéal, agus an líon is lú is féidir díobh á n-eagrú.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €885,000; toradh €433,000*

Is mar thoradh ar go leor d'éisteachtaí an Bhinse Luachála a chur ar ceal a bhí laghdú €452,000 ar chaiteachas oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha ann agus léiríonn sé sin laghdú ar tháillí chomhaltaí an Bhinse Luachála a íocadh le linn na bliana 2020.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar meastacháin €3.242 milliún; toradh €931,000*

Bhí an laghdú €2.311 milliún i gcaiteachas maidir le trealamh agus speansais ar sheirbhísí seachtracha TF i gceist mar gheall ar an nganncaitheamh i ndáil leis an sciar caipitil a bhí mar chuid de. Bhí leithdháileadh €2.615 milliún i gceist leis sin, rud nár leithdháileadh ach €310,000 de mar thoradh ar an moill a bhí ann ar chonradh a chur i bhfeidhm do Thionscadal AXIA. Bhí an tionscadal sin, a bhfuil athsholáthar an phríomhchórais luachála TFC don Oifig Luachála i gceist leis, faoi réir comórtas soláthair i mí na Nollag 2020. Táthar ag súil go ndámhfar conradh i mí na Bealtaine/i mí an Mheithimh 2021.

## Clár A Seirbhís Luachála Stáit a sholáthar

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 8,351 | 7,535 | 7,198 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 3,764 | 1,383 | 1,807 |
| A.3 | Táillí abhcóidí agus costais dlí eile | 73 | 84 | 112 |
| A.4 | Cláir náisiúnta athluachála | 4,100 | 652 | 982 |
| | | **16,288** | **9,654** | **10,099** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €6.634 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús.) Bhain €3.197 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus tá sé sin mínithe cheana agus bhain an chuid eile den difríocht leis na nithe seo a leanas den chuid is mó:

**A.4 Cláir náisiúnta athluachála**

*Soláthar meastacháin €4.1 milliún; toradh €652,000*

Is mar thoradh ar an leithdháileadh €3.1 milliún chun íoc le soláthraí seirbhíse seachtraí ar conradh chun obair athbhreithnithe a dhéanamh don Choimisinéir a bhí an t-easnamh €3.448 milliún i gcaiteachas ann i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin. Bhí an conraitheoir faoi réir na srianta paindéime agus ní raibh sé ábalta an obair a leithdháileadh a thabhairt chun cinn. Táthar ag súil go gcuirfear tús arís leis an obair sin go gairid de réir mar a mhaolaítear na srianta paindéime.

## Clár B Seirbhís riaracháin don Bhinse Luachála

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán – pá | 389 | 309 | 202 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 960 | 319 | 509 |
| | | **1,349** | **628** | **711** |

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Táillí achomhairc an Bhinse Luachála | 40 | 45 | 431 |
| 2 | Deimhnithe luachála | 120 | 86 | 110 |
| 3 | Táillí athbhreithnithe luachála | 800 | 528 | 671 |
| 4 | Fáltais ilghnéitheacha | 65 | 7 | 25 |
| 5 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 258 | 229 | 249 |
| | **Iomlán** | **1,283** | **895** | **1,486** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €388,000 níos mó ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

**3 Táillí athbhreithnithe luachála**

*Measta €800,000; réadaithe €528,000*

Is mar thoradh ar an laghdú i rátaí críochnaithe i ndáil le cásanna athbhreithnithe toisc nach rabhamar in ann maoine a iniúchadh mar gheall ar na srianta a chuireadh i bhfeidhm de bharr phaindéim Covid-19 a bhí an t-easnamh €272,000 i gceist.

## Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

### 5.1 An líon fostaithe

| Líon foirne ag deireadh na bliana | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Coibhéisí lánaimseartha | **146** | **134** |

### 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na hOifige**

| | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 7,117 | 6,743 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 77 | 82 |
| Liúntais eile | 14 | 14 |
| Ragobair | 2 | 12 |
| ÁSPC an fhostóra | 633 | 549 |
| **Pá iomlán** | **7,843** | **7,400** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 19 | — | 8,994 | 8,274 |
| Ragobair | 10 | — | 2,477 | 6,660 |
| Liúntais eile | 3 | — | 2,874 | 4,693 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin. | 14 | — | 7,479 | 11,353 |

### 5.4 Comhaontuithe eile luach saothair

Íocadh €77,930 san iomlán le ceathrar státseirbhíseach ar scor atá ag fáil pinsin státseirbhíse agus a fostaíodh arís ar bhonn táille. Tá feidhm ag prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012, maidir leis na táillí sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Oifig | Costais dlí a dámhadh | Cúiteamh a dámhadh | 2020 Iomlán | 2019 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh ó dhaoine den phobal | 9 | — | 3 | — | 3 | 88 |
| Costais a dámhadh mar thoradh ar achomhairc chuig an mBinse Luachála | 1 | — | 81 | — | 81 | 28 |
| | | **—** | **84** | **—** | **84** | **116** |

### 6.2 Cumasc

Mar chuid de chlár cuíchóirithe na gcomhlachtaí Stáit, rinneadh cinneadh ón Rialtas an 31 Deireadh Fómhair 2012 an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chumasc. Tabharfar Tailte Éireann ar an eagraíocht nua a thiocfaidh as an gcumasc sin.

Is mar a leanas atá an seasamh maidir leis an reachtaíocht atá de dhíth chun Tailte Éireann a bhunú. Ag an gcruinniú dá chuid an 22 Nollaig 2020, cheadaigh an Rialtas an scéim ghinearálta le haghaidh an Bhille um Tailte Éireann agus d'aontaigh sé gur cheart d'Oifig an Ard-Aighne tabhairt faoi dhréachtú foirmiúil an Bhille é féin.

Tá cóip den scéim ghinearálta seolta ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) chuig an gCoiste Oireachtais iomchuí agus tá sí ag fanacht le freagra maidir le cé acu is mian nó nach mian leis an gCoiste tabhairt faoi ghrinnscrúdú réamhreachtúil maidir leis an reachtaíocht bheartaithe.

Is é DHLGH atá freagrach as an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine, agus tá sé freagrach chomh maith as Tailte Éireann a bhunú. Tá Príomhfheidhmeannach Ainmnithe Thailte Éireann, a ceapadh an 1 Iúil 2013, ag obair ar phlean mionsonraithe chun an t-eintiteas nua a bhunú. Leanfaidh seisean de bheith ag obair le Cláraitheoir na nGníomhas agus na dTeideal, leis an bPríomhoifigeach Suirbhéireachta agus le comhaltaí eile de Bhord an Chláir maidir leis an mbonneagar atá de dhíth don eagraíocht nua a phleanáil agus a leagan amach. Tá DHLGH ag cur treorach agus tacaíochta ar fáil do Bhord an Chláir maidir leis an reachtaíocht atá de dhíth agus maidir le saincheisteanna eile a bhaineann leis an gcumasc. Tá socruithe cóiríochta curtha i bhfeidhm do Thailte Éireann ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus cuirfear i bhfeidhm iad ag deireadh na bliana 2022. Leanfaidh an Oifig Luachála d'aon tacaíocht is gá a chur ar fáil chun go mbeifear ábalta Tailte Éireann a bhunú.

Nuair a bhunófar é, beidh Tailte Éireann freagrach as an gcóras údarásach clárúcháin maoine, as an mbonneagar údarásach mapála agus suirbhéireachta agus as an tseirbhís údarásach luachála maoine a chur ar fáil don Stát. Sa cháil sin, beidh an eagraíocht ina príomhfhoinse náisiúnta eolais maidir le maoin agus sonraí geospásúla agus féachfaidh sí lena bheith ina heiseamláir chun seirbhísí eolais talún a fhorbairt agus a chur ar fáil.